Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14365/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0376 (COD)

EF 364
ECOFIN 1166
CODEC 1543
IA 190

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 721 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 721 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 721 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 721 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha**

{SEC(2021) 570 final} - {SWD(2021) 340 final} - {SWD(2021) 341 final}

**IARSCRÍBHINN I**

In Iarscríbhinn I, cuirtear na pointí 3 agus 4 seo a leanas isteach:

‘3. Iasachtaí tionscnaimh.

4. Eintitis shainchuspóireacha urrúsúcháin a sheirbhísiú.’

# IARSCRÍBHINN II

## ‘IARSCRÍBHINN V

## IONSTRAIMÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO BCIManna A BHAINISTÍONN CIManna NEAMHIATA

(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, scaireanna ciste a fhuascailt ná a cheannach.

(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid scaireanna a fhuascailt. Féadfaidh an srian sin a bheith iomlán, ionas nach féidir le hinfheisteoirí a gcuid scaireanna a fhuascailt ar chor ar bith.

(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d’infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.

(4) Táillí fuascailte: táille is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.

(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas na scaireanna i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.

(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach scaireanna an chiste i gceist le tobhach frithchaolúcháin.

(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí urrúis a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig scairshealbhóirí i mbun fuascailte.

(8) Taobhphócaí: trí bhíthin taobhphócaí is féidir infheistíochtaí neamhleachtacha a dhealú ó na hinfheistíochtaí leachtacha eile de chuid an chiste infheistíochta.’

## IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn I, Sceideal A, an tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.13:

| | | |
|---|---|---|
| 1.13. Nósanna imeachta agus coinníollacha maidir le haonaid a athcheannach nó a fhuascailt, agus imthosca inar féidir athcheannach nó fuascailt a chur ar fionraí nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú. | | 1.13. Nósanna imeachta agus coinníollacha maidir le haonaid a athcheannach nó a fhuascailt, agus imthosca inar féidir athcheannach nó fuascailt a chur ar fionraí nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú. I gcás cuideachtaí infheistíochta ina bhfuil ranna infheistíochta éagsúla, faisnéis maidir le conas is féidir le sealbhóir aonad imeacht ó roinn amháin go dtí roinn eile agus na muirir is infheidhme i gcásanna den sórt sin. |

## IARSCRÍBHINN IV

## ‘IARSCRÍBHINN IIA

## IONSTRAIMÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO GCUInna

(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, scaireanna ciste a fhuascailt ná a cheannach.

(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid scaireanna a fhuascailt. Féadfaidh an srian sin a bheith iomlán, ionas nach féidir le hinfheisteoirí a gcuid scaireanna a fhuascailt ar chor ar bith.

(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d’infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.

(4) Táillí fuascailte: táille is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.

(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas na scaireanna i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.

(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach scaireanna an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin.

(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí urrúis a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig scairshealbhóirí i mbun fuascailte.

(8) Taobhphócaí: trí bhíthin taobhphócaí is féidir infheistíochtaí neamhleachtacha a dhealú ó na hinfheistíochtaí leachtacha eile de chuid an chiste infheistíochta.’